**BEI 360°: SA TÓIR AR RÉITIGH AERÁIDE**

An Banc Eorpach Infheistíochta

# 360° TURAS FÍORÚIL AR RÉITIGH ATHRAITHE AERÁIDE NA hEORPA



### SPRIOCGHRÚPA:

Daoine óga (12 bhliain-18 mbliana d'aois) agus daoine fásta

### BUNTÁISTÍ:

- Cuir eolas ar réitigh nuálacha ar an ngéarchéim aeráide, chomh maith le taighde ceannródaíoch aeráide.
- Bain sult as radhairc lántumthacha 360° ar áiteanna iontacha iargúlta
- Cuir aithne ar chuid de na heolaithe, na saineolaithe agus na fiontraithe éiceabhácha is mó le rá san Eoraip
- Cuir eolas ar réitigh Eorpacha ar an ngéarchéim aeráide i dteanga shimplí atá éasca le tuiscint

### GNÉITHE:

- Ceamaradóireacht 360°
- Léarscáil idirghníomhach den Eoraip
- Ar fáil i mBéarla, le fotheidil i dteanga na tíre ina bhfuil an tionscadal áirithe lonnaithe
- Is féidir dul chuige go héasca ar láithreán gréasáin an BEI, é sin nó é a uaslódáil chuig scáileáin tadhaill sa seomra ranga

**www.eib.org/360**

## CLÁIR:

### BEI 360° | OILEÁN IARGÚLTA NA hEOLAÍOCHTA AERÁIDE SA GHRÉIG

Tabhair cuairt ar Oileán Antikythera, áit a bhfuil stáisiún nua eolaíochta aeráide le léargais nua a thabhairt dúinn ar an saol mór. Breathnaigh ar radhairc VR a bhainfidh an anáil díot agus cuir eolas ar Stáisiún PANGEA, ionad a bheidh ag obair le samhlacha aeráide a fheabhsú d'fhonn athruithe aimsire i réigiún na Meánmhara a thuar agus freagairt dóibh, réigiún atá buailte go dona ag an athrú aeráide.

### BEI 360° | TURAS AERÁIDE AR AN MUIR AEIGÉACH

Téigh i bpáirt le foireann eolaithe muirí ón nGréig mar a théann siad ar turas le rúin na Meánmhara a fhiosrú agus réitigh aeráide a fháil. Caith súil ar ar árthach taighde úrscothach nua atá ag an Ionad Heilléanach um Thaighde Mara, a chuirfidh ar chumas eolaithe iniúchadh a dhéanamh ar na codanna is doimhne den fharraige mhór agus léargas níos iomláine a fháil ar éiceachóras na Meánmhara agus é faoi bhrú an athraithe aeráide.

### BEI 360° | TRASNA NA dTONNTA CHUIG AN gCÉAD FHEIRM GHAOITHE AR SNÁMH SAN EORAIP

Tabhair cuairt ar an gcéad fheirm ghaoithe ar snámh san Eoraip, atá lonnaithe amach ó chósta na Portaingéile, agus faigh amach cén chaoi a bhfuil trí thuirbín ag soláthar cumhachta do 60,000 duine. Faigh amach cén fáth a bhfuil an cineál seo tionscadail ina léiriú ar a bhfuil i ndán don chumhacht ghaoithe amach ón gcósta.

### BEI 360° | AN CHAOI A BHFUIL IDIRLÍON NA nEARRAÍ AG ATHRÚ NA SÁBHÁILTEACHTA Ó BHONN

Tabhair cuairt ar shléibhte na bPiréiní sa Spáinn le foghlaim faoi chóras cianbhraite atá ag feabhsú cúrsaí sábháilteachta ar stráice iargúlta iarnróid mar ar chuir carraigshleamhnú traein de na ráillí tráth. Faigh amach cén chaoi a bhfuil an BEI ag tacú leis an obair thaighde agus forbartha ar an teicneolaíocht nua seo le cur le saolré an bhonneagair agus le dul i dtaithí ar chásanna fíor-dhrochaimsire arb é an t-athrú aeráide is cúis leo.

### BEI 360° | FUINNEAMH ÓN bhFARRAIGE

Tar le criú físe 360° an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta ar thuras ón bhFionlainn go tuaisceart na Spáinne lena fháil amach cén chaoi a bhfuil nuálaíocht na Fionlainne ag athrú fhuinneamh na dtonnta ina leictreachas. Cuir eolas ar na gléasanna dochreidte atá á gcur faoin uisce i gCuan Aviles na Spáinne, agus faigh amach cén chaoi a gcuirfidh siad cumhacht ar fáil don chalafort, a gcruthóidh siad poist nua, agus a mbeidh siad ina bhfoinse ríthábhachtach nua fuinnimh in-athnuaite don Eoraip.

**www.eib.org/360**

### CÉN CHAOI É A ÚSÁID:

- Téigh chuig leathanach gréasáin BEI 360°: Sa Tóir ar Réitigh Aeráide ag www.eib.org/360
- Cliceáil ar an aimsitheoir ar an léarscáil le breathnú ar do rogha clár
- Roghnaigh cé acu an leagan Béarla nó an leagan sa teanga áitiúil atá uait
- Bain úsáid as do luch nó do mhéarchlár le bheith ag breathnú thart i ngach treo

### EOLAS BREISE:

BEI 360°: Sa Tóir ar Réitigh Aeráide

Léiriú de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta

Tá na tionscadail atá faoi thrácht sa tsraith seo maoinithe ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.

© EIB IE 2023-0351 11/2023